



# CAIRT UM CHABHAIR CHONSALACHTA

Ár gcuid luachanna, gealltanas agus prionsabal maidir le tacaíocht phraiticiúil a sholáthar do shaoránaigh i gcruachas thar lear agus comhairle a chur ar fáil i dtaobh taisteal ar fud na cruinne



## FAOI RÚN

Ní scaoilimid eolas ar bith faoi do chás, fiú amháin do do mhuintir, gan cead uaitse

Déanfaimid do chuid faisnéise a chosaint i gcomhréir iomlán le hAchtanna um Chosaint Sonraí de chuid na hÉireann

## PROIFISIÚNTA

Foireann chonsalachta **ilnáisiúnta, ilteangach a bhfuil an-taithí** ag a baill

Caithfimid leat ar bhealach tuisceanach **comhbhách**

Oibrímid le **comhpháirtithe seachtracha** chun ár dtacaíocht phraiticiúil a fhorlónadh

## FAISNÉISEACH

Cuirimid **comhairle taistil soiléir agus iontaofa** ar fáil do 200 tír ar [www.dfa.ie](http://www.dfa.ie), ar TravelWise agus ar Twitter @dfatravelwise

Tugaimid tuairiscí **chun dáta fíor-ama** ar ghéarchéimeanna móra

## IS FÉIDIR LEAT

Ár **gcomhairle taistil a leanúint**

**Árachas** cuimsitheach taistil a cheannach

**Cárta Eorpach um Árachas Sláinte** a fháil le haghaidh taistil san Eoraip (**CEÁS**)

Do shonraí taistil **a chlárú** linn ar líne i gcás tíortha ardriosca

Do mhuintir agus do chairde a chur ar an eolas maidir le do phleananna taistil

**TravelWise, ár n-aip mhóibíleach** mhóréilimh a íoslódáil

A dhéanamh cinnte go bhfuil **pas** agus víosa bailí agat, chomh maith le dóthain airgid

**Cúirtéis agus meas** a léiriú agus tú ag déileáil lenár bhfoireann

## IS FÉIDIR LINN

**Comhairle agus tacaíocht** a thabhairt duit i gcás méala theaghlaigh, breoiteachta tromchúisí, coinneála nó éigeandáil ar bith eile

**Tacaíocht teanga agus chultúrtha** a chur ar fáil duit maidir leis na daoine ar cheart teagmháil a dhéanamh leo agus faoi mar a dhéantar rudaí go háitiúil

**Doiciméid taistil** éigeandála a eisiúint Sonraí dochtúirí agus dlíodóirí a bhfuil Béarla acu a chur ar fáil

**Teagmháil** a dhéanamh ar do shon **le do mhuintir nó le do chairde**

Freagairt chinntitheach a thabhairt i gcás **géarchéimeanna móra** thar lear

**Comhairle cuimsitheach taistil** a sholáthar maidir le cúrsaí sláinte, slándála agus ábhair eile

## RUDAÍ NACH FÉIDIR LINN A DHÉANAMH

Ní féidir linn **comhairle leighis ná comhairle dlí** a chur ar fáil nó cur isteach ar phróisis bhreithiúnacha

Níl **aon bhuiséad** againn le haghaidh costas leighis, costas dlí ná costas ar bith eile

Ní féidir linn tionchar a imirt ar **chinntí** tíortha eile maidir le **viosaí**

Ní bhíonn baint ar bith againn le **díospóidí tráchtála ná árachais**

## INROCHTANA

Éire: Luan-Aoine 9-5.30 **+353 (0)1 4082327**

Ceistean ar an ríomhphost: [dfa.ie](http://dfa.ie) “déan teagmháil linn”

Éigeandálaí lasmuigh de ghnáthuaireanta & ag an deireadh seachtaine: **+353 (0)1 408 2000**

**Tacaíocht éigeandála** 24/7 trí Ambasáidí agus Consalachtaí dár gcuid

## CABHRACH

Tá tusa agus do **riachtanais** ag croílár ár gcuid oibre

Tugtar aghaidh ar 90% d'iarraitais ar chabhair **laistigh de 24 uair an chloig**

Tugtar admháil ar iarraitais laistigh de 3 lá oibre agus tugtar freagra orthu laistigh de 15 lá oibre

## TRÉDHEARCACH

Déanaimid ár mbeartas agus staitisticí consalachta **a fhoilsiú** ar [dfa.ie](http://dfa.ie)

Úsáidfídh do chásóifigeach **teanga shoiléir shimplí** agus é/í ag labhairt leat nó i dteagmháil leat

Comhroinnfimid d'fhaisnéis phearsanta leat má iarrrat orainn é sin a dhéanamh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

## FOGHLAIM

Déanfaimid monatóireacht agus measúnú ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil, chomh maith le **feabhas a chur air**

Cuirimid fáilte roimh **aiseolas** uait ar [www.dfa.ie](http://www.dfa.ie) nó ar an Aip TravelWise

Tugaimid aird ar ghearáin. Rachaidh oifigeach sinsearach i dteagmháil leat



An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála  
Department of Foreign Affairs and Trade

[www.dfa.ie/travel](http://www.dfa.ie/travel) | @dfatravelwise